Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15821/23**

**LIMITE**

**POLCOM 282**
**COMPET 1154**
**IND 620**
**RELEX 1363**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ráiteas Comhpháirteach maidir le Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh - Formheas ionstraime neamhcheangailtí |

1. An 11 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún nóta chuig an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe), inar chuir sé in iúl go raibh sé ar intinn aige tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le hionstraim neamhcheangailteach i bhfoirm Ráiteas Comhpháirteach maidir le Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh.

2. An 9 Samhain 2023, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún dul i mbun caibidlíochta, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i ndáil le Ráiteas Comhpháirteach maidir le Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh[1].

3. Chuir an Coimisiún téacs an dréacht-Ráitis Chomhpháirtigh, mar a leagtar amach in 15822/23 é, i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an 23 Samhain 2023. Le linn an phlé, ní dhearna aon toscaireacht agóid i gcoinne an téacs sin.

4. Tá sé i gceist ag ionadaithe an Aontais agus comhaltaí eile den Chlub Amhábhar Criticiúil an Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh ag ócáid ar leith atá le bheith ar siúl ar imeall na Comhdhála maidir leis an Athrú Aeráide (COP28) an 2 Nollaig 2023.

[1] 14893/23

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an dréacht-Ráitis Chomhpháirtigh maidir le Club Amhábhar Criticiúil a sheoladh, mar a leagtar amach in 15822/23 é; agus

– a mholadh don Chomhairle téacs an dréacht-Ráitis Chomhpháirtigh, mar a leagtar amach in 15822/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, faoi réir mionchoigeartaithe a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar chaibidlíocht bhreise, ar choinníoll nach ndéanann na coigeartuithe sin difear do shubstaint ná d'intinn an téacs.

PUBLIC